



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal ABP-312063-21

Cás	Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uisce Éireann (Scéim Shéarachais Chill Chuimín) 2021
Dáta	Dé Máirt 12 ^ú Aibreán 2022
Am Tosaithe	10.00am
Suíomh	Ar líne – MS Teams

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.

Níl dualgas dá laghad ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.

Iarrtar ar gach páirtí a bheith aireach ar chineál an iarrtais seo agus a chinntiú go mbaineann cur i láthair nó ceisteanna le cineál an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh seo. Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh ná i measúnú an chúitimh agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.

Ag deireadh na héisteachta, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás le cur faoi bhráid an Bhoird. Is é an Bord a chinnefidh cibé an ndeimhneofar an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó an gcuirfear ar neamhní é.

Féadfaidh an Bord ordú a dhéanamh go n-íocfaí ranníocaíocht i leith chostais aon duine a thagann go dtí an éisteacht ó bhéal, a thabhaigh an duine sin as bheith i láthair ag an éisteacht. Faoi lánrogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtain ó dháta na héisteachta seo.

I gcás ina mbeartaíonn tú áiseanna amhairc (léirithe, léarscáileanna, grianghraif srl.) a úsáid agus tú ag labhairt, ba chóir iad sin a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord dhá lá ar a laghad roimh an éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta).

Déanfaidh soláthraí atá fostaithe ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a chuirfear i láthair na héisteachta ó bhéal seo a thairfeadh. Ní ceadmhach duit na himeachtaí ag éisteacht ó bhéal a thairfeadh.

Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.

CLÁR OIBRE	
	10.00am: Oscailt na héisteachta ó bhéal - An Cigire
1	<p>10.15am: <u>Aighneacht ó Uisce Éireann:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> i. Foramharc gearr ar an OCÉ ii. Ceannach na talú á chosaint le tagairt do na bealaí malartacha a breithníodh iii. Freagra ar an aighneacht scríofa ó Agóideoir <p>[35 nóiméad.]</p>
2	10.50am: Sos (15 nóim)
3	<p>11.05am: <u>Aighneacht ón agóideoir, ag míniú na haighneachta scríofa:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Mr. Barth O'Neill ▪ Arna leanúint go díreach le freagra ó Uisce Éireann <p>[30 nóiméad.]</p>
4	<p>11.35am: <u>Ceistiú idir na páirtithe, mar seo a leanas:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> i. An tAgóideoir chuig Uisce Éireann, ii. Uisce Éireann chuig an Agóideoir iii. An Cigire agus Uisce Éireann agus/nó an tAgóideoir. <p>[45 nóim.]</p>
5	<p>12.20pm: <u>Ráitis deiridh (más gá):</u></p> <ul style="list-style-type: none"> i. An tAgóideoir ii. Uisce Éireann <p>[Ní ceadmhach ábhar nó saincheist nua a tharraingt anuas.]</p>
6	12.50pm: Dúnadh na héisteachta ó bhéal - An Cigire

